Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2021
(OR. en)

9834/1/21
REV 1

ECOFIN 601
UEM 157
DEVGEN 123

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 14 Meitheamh 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9462/1/21 REV 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt (14 Meitheamh 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt a neartú, a ghlac an Chomhairle ag an 3802ú cruinniú a bhí aici an 14 Meitheamh 2021.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt – EFAD**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. MEABHRAÍTEAR DI conclúidí 2019 ón gComhairle maidir leis an ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt (EFAD)[1] a neartú agus an comhaontú polaitiúil ar thángthas air i ndáil leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) – an Eoraip Dhomhanda don tréimhse 2021-2027, lena n-áirítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+).

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI an staidéar féidearthachta neamhspleách maidir le roghanna amach anseo chun an t-ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt a neartú, agus an cóineasú láidir tuairimí i measc na mBallstát maidir leis an leagan amach institiúideach atá ann faoi láthair a fheabhsú mar an bealach is fearr chun an t-ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt a neartú chun tionchar na forbartha a mhéadú. AITHNÍONN SÍ freisin gur gá an t-ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt a chomhtháthú i mbeartas seachtrach an Aontais i bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar an iomaíocht gheo-eacnamaíoch agus pholaitiúil, inter alia tríd an nascacht inbhuanaithe a mhaoiniú.

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an phráinn a bhaineann le dul i ngleic le dúshláin forbartha atá treisithe ag paindéim COVID-19, a thábhachtaí atá sé cur chuige níos fearr, níos glaise agus níos cuimsithí a thógáil agus cur i gcrích gasta a dhéanamh ar an talamh d'fhonn cur le Clár Oibre 2030 agus na 17 gcinn de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a ghabhann leis, chomh maith le Comhaontú Pháras. Ina theannta sin, CUIREANN SÍ I dTREIS a ábhartha atá sé na hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon a shlógadh agus infheistíochtaí a dhíriú ar na réimsí is mó a bhfuil gá leo agus ar na réigiúin is leochailí, go háirithe na Tíortha is Lú Forbairt agus na tíortha leochaileacha atá buailte ag an gcoinbhleacht, an Afraic, an Chomharsanacht agus i réigiúin tosaíochta eile atá buailte ag an bpaindéim.

[1] 14434/19

4. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá an t-ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt a dhéanamh níos éifeachtaí, níos éifeachtúla, níos dírithe ar fhorbairt agus níos infheicthe, i gcomhréir leis an gcéad phrionsabal beartais agus le leasanna agus luachanna straitéiseacha an Aontais, lena n-áirítear an daonlathas, cearta an duine, comhionannas inscne agus an aeráid, agus bunaithe ar riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta. Aithníonn sí ról lárnach an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) mar bhanc an Aontais, CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart do EFAD a bheith bunaithe ar ollstruchtúr oscailte, comhoibríoch agus cuimsitheach, ag obair le bainc forbartha agus institiúidí airgeadais uile na hEorpa, ag tógáil ar a saineolas tíre, earnála nó airgeadais, breisluacha agus acmhainní faoi seach, agus ar chothrom na Féinne a choimirciú, agus d'fhonn infheistíochtaí príobháideacha a charnadh isteach.

5. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá treoir pholaitiúil neartaithe ón gComhairle, chomh maith le comhordú agus stiúradh beartais ag an gCoimisiún maidir le beartas forbartha an Aontais a chur chun feidhme, agus é mar aidhm tionchar na forbartha a uasmhéadú agus úinéireacht na dtíortha comhpháirtíochta a neartú, cur le hollstruchtúr airgeadais forbartha domhanda níos leithne agus iarrachtaí iltaobhacha a fheabhsú. Chuige sin, tá sé ar intinn ag an gComhairle malartuithe rialta a chur ar bun maidir le saincheisteanna a bhaineann le forbairt agus airgeadas don fhorbairt.

**6.** CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a riachtanaí atá sé go n-oibreodh BEI agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF) le chéile ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla, ag tógáil ar a gcomhlántacht, agus ag an am céanna a gcomhar le bainc forbartha Eorpacha agus le hinstitiúidí airgeadais Eorpacha a neartú i gcur chuige Fhoireann na hEorpa. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT freisin go bhfuil feidhmiú chlársceidealú NDICI – an Eoraip Dhomhanda ina thráth tábhachtach chun a áirithiú go gcuirfí siúl faoi na feabhsuithe ar EFAD, i bhfianaise roinnt níos fearr an tsaothair, an chomhordaithe agus na sineirgí, agus an úsáid is fearr á baint as an gcaipiteal atá ar fáil cheana féin chun na méideanna infheistíochta a mhéadú, chun feabhas a chur ar thionchar forbartha na n-oibríochtaí agus chun maoiniú inbhuanaithe ón earnáil phríobháideach a úsáid.

7. IARRANN SÍ ar BEI agus ar BEAF leanúint dá gcomhordú a dhoimhniú go córasach ar an leibhéal straitéiseach agus teicniúil araon, ag tógáil ar an dul chun cinn laistigh de mheitheal ardleibhéil BEI-BEAF agus a Meabhrán Tuisceana déthaobhach, agus an chéad tuarascáil a thíolacadh don Chomhairle faoi mhí na Samhna 2021, agus ina dhiaidh sin nuashonruithe rialta a thabhairt d'fhoirmíochtaí na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais agus Gnóthaí Eachtracha (Forbairt) gach 6 mhí in 2022 agus uaidh sin amach ar bhonn bliantúil. Ina theannta sin, MOLANN SÍ do BEAF agus BEI comhordú a dhéanamh le hinstitiúidí airgeadais domhanda eile atá gníomhach ina dtíortha oibríochta.

8. IARRANN SÍ ar an dá bhanc na conclúidí seo a chur san áireamh agus a samhlacha gnó faoi seach á bhfeabhsú agus á gcur chun feidhme acu, gan bac a chur ar chinntí chomhlachtaí rialaithe na mbanc faoi seach, d'fhonn a gcuid buntáistí comparáideacha a neartú maidir le maoiniú forbartha, ilroinnt a sheachaint agus a dtionchar forbartha a uasmhéadú. Níor cheart feabhsuithe den sórt sin aon chostais bhreise a ghiniúint dá scairshealbhóirí agus d'fhéadfadh siad a bheith faoi réir malartú tuairimí roimh ré idir an dá chomhlacht rialaithe.

9. IARRANN SÍ ar BEI feabhsuithe a chur i láthair chun an tionchar forbartha a bheidh ag a chuid oibríochtaí i dtíortha comhpháirtíochta a fheabhsú trí, inter alia, straitéisí tiomnaithe a áirithiú agus trí chomhlachas cuimsitheach de lucht ceaptha beartais ábhartha forbartha an Aontais Eorpaigh a áirithiú, trí láithreacht áitiúil an Bhainc ar an talamh a fheabhsú ar bhonn cás ar chás i dtoscaireachtaí Aontais agus trí chomhpháirtíochtaí a neartú chun cumas comhchoiteann bhainc Eorpacha forbartha agus na n-institiúidí airgeadais Eorpacha a neartú faoi chur chuige Fhoireann na hEorpa. Ba cheart na feabhsuithe sin a chur faoi bhráid chomhlachtaí rialaithe BEI faoin tríú ráithe de 2021 d'fhonn iad a ghlacadh agus a chur chun feidhme a luaithe is féidir.

10. MOLANN SÍ do BEAF tógáil ar a shamhail ghnó chun infheistíochtaí príobháideacha a ghiaráil a thuilleadh go háirithe i bhfianaise an phlé a dhéanfar amach anseo i gcomhlachtaí rialaithe an BEAF maidir le leathnú geografach teoranta agus incriminteach a d'fhéadfadh a dhéanamh chuig an Afraic Fho-Shahárach agus chun gníomhaíochtaí comhair a shaothrú le bainc forbartha na hEorpa agus le hinstitiúidí airgeadais Eorpacha faoi chur chuige Fhoireann na hEorpa.

11. IARRANN SÍ ar na bainc Eorpacha forbartha agus ar na hinstitiúidí airgeadais uile cur leis an gcomhar agus leis an gcomhordú a dhéanann siad eatarthu féin agus le hinstitiúidí airgeadais iltaobhacha agus idirnáisiúnta eile, ag tógáil ar láidreachtaí agus ar shaineolas gach institiúide agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht, infheictheacht agus tionchar EFAD, agus aird ar leith á tabhairt ar an earnáil phríobháideach agus rannpháirtíocht na hearnála poiblí á comhlánú agus á thacú ag an am céanna. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an tairbhe a bhaineann le socruithe comhair, le cómhaoiniú agus le hardáin comhroinnte riosca tíre nó réigiúnacha a dhreasú, i gcás inarb iomchuí, chomh maith le sásraí a fhorbairt chun straitéisí, caighdeáin agus spleáchas frithpháirteach agus nósanna imeachta aitheantais a chomhchuibhiú. Ina theannta sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfar ionstraimí cumaisc, ráthaíochtaí agus uirlisí nuálacha, amhail infheistíocht tionchair, a fhiosrú a thuilleadh chun cistí ón earnáil phríobháideach a úsáid.

12. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an ról lárnach atá ag bord straitéiseach CEFI+ de chuid NDICI – an Eoraip Dhomhanda a bheidh ann go luath, MOLANN SÍ na comhaltaí uile chun a ról a neartú, ag díriú ar an gcéad phrionsabal beartais agus ar thosaíochtaí straitéiseacha arna sainiú ag an gComhairle chun treoir bhunriachtanach a chur ar fáil do chur chun feidhme rathúil CEFI+, i ndlúthchomhar le Coiste NDICI – an Eoraip Dhomhanda.

13. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé don Choimisiún dreasachtaí a chruthú chun an comhar a neartú i measc bainc Eorpacha forbartha, institiúidí airgeadais agus gníomhaithe cur chun feidhme ar éagsúil a méideanna, a bpróifílí agus a láidreachtaí, d'fhonn tionchar na forbartha a uasmhéadú, uirlisí a fhorbairt chun tacú le comhpháirtíochtaí cuimsitheacha le hinstitiúidí forbartha beaga, agus an leas is fearr a bhaint as ionstraimí amhail socruithe comhair, cómhaoiniú, comhroinnt riosca, agus nósanna imeachta um iontaoibh agus um aitheantas frithpháirteach. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún sásraí a cheapadh chun rochtain ar mhaoiniú a shimpliú do ghníomhaithe forbartha agus d'institiúidí forbartha de chuid an Aontais, go háirithe institiúidí forbartha beaga. Ina theannta sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacú le bainc forbartha bheaga agus le hinstitiúidí airgeadais, agus le gníomhaithe forbartha eile de chuid an Aontais ina n-iarratais ar cholún-mheasúnú.

14. MOLANN SÍ do ranna an Choimisiúin agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), lena n-áirítear trí líonra Thoscaireachtaí de chuid an Aontais, a n-acmhainneacht, a saineolas earnála agus teicniúil a neartú, gan aon chostas breise, d'fhonn gach banc Eorpach forbartha agus gach institiúid airgeadais Eorpach i dtíortha comhpháirtíochta a chomhordú trí na sásraí atá ann cheana i gcur chuige Fhoireann na hEorpa, lena n-áirítear clársceidealú comhpháirteach, agus chun príomhinstitiúidí áitiúla airgeadais le haghaidh forbartha a thabhairt ar bord. Ba cheart comhordú a fheabhsú freisin maidir le cúnamh teicniúil a sholáthar, lena n-áirítear Saineolas na hEarnála Poiblí, chun píblínte a chruthú d'infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach agus phoiblí a fhreagraíonn ar riachtanais forbartha áitiúla, d'athchóirithe beartais agus rialála, agus chun cláir chúnaimh theicniúil a chur chun feidhme lena n-áirítear rannpháirtíocht ghníomhach Bhallstáit an Aontais agus a n-institiúidí.

15. MOLANN SÍ do ranna an Choimisiúin agus SEGS comhsheasaimh i bhfóraim agus in institiúidí forbartha iltaobhacha leis na Ballstáit a chomhordú a thuilleadh d'fhonn labhairt le guth Aontais níos comhleanúnaí i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le cur chuige Fhoireann na hEorpa ar leibhéal na tíre, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal domhanda.

16. IARRANN SÍ ar ranna an Choimisiúin agus SEGS, na Ballstáit agus a mbainc forbartha agus a n-institiúidí airgeadais, chomh maith le BEI agus BEAF, chun cur chuige Fhoireann na hEorpa a neartú agus chun infheictheacht na rannpháirtíochta comhpháirtí a mhéadú ar bhealach straitéiseach san Aontas agus i dtíortha comhpháirtíochta araon, lena n-áirítear trí theachtaireachtaí comhpháirteacha, agus trí chumarsáid phoiblí maidir le hiarrachtaí Fhoireann na hEorpa, agus leanúint de chomhghníomhaíochtaí chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis ag an am céanna.

17. MEASANN SÍ gur trí shásra rialta um faireachán agus obair leantach a chur ar bun a dhéanfaidh an Chomhairle cuid den mhaoirseacht pholaitiúil iomchuí ar an bpróiseas sin a áirithiú, agus chun na críche sin IARRANN SÍ ar an gCoimisiún treochlár a thíolacadh chun na cuspóirí agus na moltaí atá sna conclúidí sin a chur chun feidhme, ar treochlár é a bheidh dírithe chuig an gCoimisiún, agus tuarascáil a chur faoi bhráid foirmíochtaí na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais agus Gnóthaí Eachtracha (Forbairt) maidir leis an dul chun cinn […] ó dheireadh 2021, lena n-áirítear maidir le seicheamhú cuí na ngníomhaíochtaí, agus an t-ionchur cuí á fháil aige ó na geallsealbhóirí ábhartha go léir. Leis an tuairisciú sin, ba cheart díriú go háirithe ar ghníomhaíochtaí a fheabhsaíonn comhordú agus gníomhaíochtaí a fheabhsaíonn tionchar forbartha EFAD agus ba cheart moltaí fianaise-bhunaithe a chur ar fáil leis, d'fhonn bonn eolais a chur faoi aon oiriúnuithe agus aon

fheabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh. Ba cheart iarraidh ar BEI, ar BEAF agus ar bhainc agus institiúidí airgeadais Eorpacha eile a bheith rannpháirteach sa chleachtadh sin.